



AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ  
COMPANIES REGISTRATION OFFICE



# DÍOLÚINE Ó CINEÁL CUIDEACHTA A ÚSÁID MAR CHUID D'AINM CUIDEACHTA

BILEOG FAISNÉISE UIMH. 24 / Lúnasa 2019

## 1. Forálacha reachtaíochta maidir le hainm cuideachta

Faoin Acht na gCuideachtaí 2014, tá díolúine ar fáil do Chuideachtaí Gníomhaíochta Ainmnithe agus Cuideachtaí faoi Theorainn Ráthaíochta gan iarmhír an chineáil cuideachta a bheith ag deireadh ainm na cuideachta. Níl an díolúine ar fáil ach amháin do chuideachtaí a chomhlíonfaidh critéir áirithe.

Níl an díolúine ar fáil do chuideachtaí TEO (cuideachtaí atá cláraithe faoi Chuid 2 d'Acht na gCuideachtaí 2014), do Chuideachtaí Poiblí Theoranta, do Chuideachtaí Neamhtheoranta ná do Chuideachtaí Infheistíochta.

### Iarmhír le hAinm na Cuideachta

Foráiltear le halt 969 d'Acht na gCuideachtaí 2014 go luafar ainm na cuideachta, agus an cineál ábhartha cuideachta mar fhocail deiridh an ainm, in ainm cuideachta agus meabhrán comhlachais gaolmhar gach cuideachta ghníomhaíochta ainmnithe atá faoi theorainn scaireanna/ráthaíochta agus foráiltear amhlaidh freisin le halt 1178 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le gach cuideachta atá faoi theorainn ráthaíochta, nach bhfuil scairchaipiteal aici.

De bhonn alt 49 d'Acht na gCuideachtaí 2014, tá sé d'oibleagáid ar gach cuideachta a hainm a fhoilsiú, i measc eile, i ngach litir ghnó, fógra agus foilseachán oifigiúil eile de chuid na cuideachta agus i ngach seic, sonrasc agus admháil. Níl úsáid ghiorrúcháin ar an gcineál ábhartha cuideachta ina shárú ar ailt 969/1178.

Féadfaidh Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe (CGA) nó Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta (CTR), áfach, a bheith díolmhaithe ón gceanglas a cineál cuideachta a chur san áireamh ina hainm, agus ó na ceanglais arna bhforchur faoi alt 49.

Tabhair faoi deara, faoi alt 151 d'Acht na gCuideachtaí 2014, nach mór do chuideachta atá díolmhaithe ón oibleagáid chun úsáid a bhaint as na focail lena ndéantar cur síos ar an gcineál cuideachta mar chuid dá hainm **foirm dhlíthiúil na cuideachta** a thaispeáint ar a cuid litreacha agus foirmeacha ordaithe.

Faoin Acht 2014, déantar páirtsainiú ar chuideachta de réir a hainm. Ní fhéadfaidh an cur síos a bheith ina gcuid ainmneacha ag cuideachtaí mura mbaineann siad leis an gcineál cuideachta sin, agus tá sé de dhualgas ar gach cuideachta an cur síos ar an gcineál cuideachta a bheith ina hainm aici.

TEO - Cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna - "**Limited/Teoranta**"

CGA - Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe faoi theorainn scaireanna/faoi theorainn ráthaíochta a bhfuil scairchaipiteal aici - "**Designated Activity Company/Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe**"

CPT - Cuideachta phoiblí theoranta - "**Public Limited Company/Cuideachta Phoiblí Theoranta**"

CTR - Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta - "**Company Limited by Guarantee/Cuideachta faoi theorainn Ráthaíochta**"

CNT - Cuideachta phríobháideach neamhtheoranta a bhfuil scairchaipiteal aici - "**Unlimited Company/Cuideachta Neamhtheoranta**"

CPN - Cuideachta phoiblí neamhtheoranta a bhfuil scairchaipiteal aici - "**Unlimited Company/Cuideachta Neamhtheoranta**"

CPNT - Cuideachta phoiblí neamhtheoranta nach bhfuil scairchaipiteal aici - "**Unlimited Company/Cuideachta Neamhtheoranta**".

## 2. Ceanglais

### Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe/ Cuideachta faoi theorainn Ráthaíochta

Faoi alt 971/1180 d'Acht na gCuideachtaí 2014, is féidir le Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe nó Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan scairchaipiteal díolúine a éileamh ó fhorálacha Acht na gCuideachtaí a bhaineann leis na bhfocail “**Designated Activity Company/Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe**” nó “**Company Limited by Guarantee/Cuideachta faoi theorainn Ráthaíochta**” a úsáid mar chuid d'ainm na cuideachta nó nuair a fhoilsítear an t-ainm, agus úsáid á bhaint aici as na pribhléidí ar fad a bhaineann le cuideachtaí teoranta agus na ceanglais ar fad á chomhlíonadh aici.

Is féidir le cuideachta díolúine a fháil:

- (a) agus é mar chuspóir aici tráchtáil, ealaíon, eolaíocht, oideachas, reiligiún, carthanacht nó ábhar forordaithe eile ar bith a chur chun cinn, **agus**
- (b) nuair a éilíonn an bunreacht (meabhrán nó na hairteagail chomhlachais):
  - i) gur gá na brabúis (más ann) nó ioncam eile ar bith a chur chun feidhme lena cuspóirí a chur chun cinn,
  - ii) gur gá cosc a chur le díbhinní a íoc leis na comhaltaí, **agus**
  - iii) gur gá na sócmhainní ar fad a bheadh ar fáil do na comhaltaí ar chuma eile a aistriú chuig cuideachta eile agus an chuideachta sin á fhoirceannadh, cuideachta le cuspóirí a chloíonn le mír (a) agus a chomhlíonann na ceanglais sa mhír seo **agus**
- (c) stiúrthóir nó rúnaí de chuid na cuideachta (nó, i gcás comhlachais á bhunú mar chuideachta teoranta, duine de na céad stiúrthóirí nó an chéad rúnaí) a bhfuil dearbhú reachtúil tugtha aige/aici san fhoirm fhorordaithe (féach Aguisín 1) chuig Cláráitheoir na gCuideachtaí, go gcloíonn an chuideachta nó go gcloífídh sí, más infheidhme, leis na ceanglais i míreanna (a) agus (b) thuas.

Diúltóidh an Cláráitheoir do chomhlachas a chlárú mar chuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe faoi theorainn scaireanna/faoi theorainn ráthaíochta mura n-úsáidtear na focail “**Designated Activity Company**” nó “**Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe**” ina hainm ach amháin nuair a bhíonn dearbhú faighte aige de bhun (c) thuas.

Diúltóidh an Cláráitheoir do chead a thabhairt do chuideachta a hainm a athrú, cuideachta atá cláráithe mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta, lena n-áirítear an focal “**Company Limited by Guarantee**” nó “**Cuideachta faoi theorainn Ráthaíochta**” a ligean as a hainm, ach amháin nuair a bhíonn dearbhú faighte aige de bhun (c) thuas.

Forálann alt 971(4)/1180(4) go gcuirtear cosc ar chuideachta teoranta, a bhfuil díolúine faighte aici de bhun ailt 24(1) ón bhfocal “Limited” nó “Teoranta” a úsáid ina hainm, an meabhrán nó na hairteagail chomhlachais a athrú i mbealach a theipeann uirthi cloí le ceanglais ailt 971(1)/1180(1).

Forálann alt 971(5)/1180(5), i gcás gur léir don Chláráitheoir go bhfuil gnó ar siúl ag cuideachta teoranta a bhfuil díolúine faighte aici ón bhfocal “Limited” nó “Teoranta” a úsáid seachas lena cuspóirí a chur chun cinn, nó a d'úsáid a brabúis nó ioncam eile i mbealach eile seachas lena cuspóirí a chur chun cinn, nó a d'íoc díbhinn lena comhaltaí, gur féidir leis an gCláráitheoir ordú scríofa a thabhairt don chuideachta lena hainm a athrú, laistigh den tréimhse atá ordaithe, agus an focal “Limited” nó “Teoranta” a chur i ndiaidh an ainm. Cuirfear an t-athrú seo chun feidhme de réir alt 30 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Beidh duine ciontach i leith ciona, ar féidir leis an gCláráitheoir a ionchúiseamh sa Chúirt Dúiche, nuair a sholáthraíonn sé/sí faisnéis i ndearbhú reachtúil, de bhun ailt 971(1)(c)/1180(1)(c), atá mícheart, bréagach nó míthreorach, nó a athraíonn an meabhrán nó na hairteagail de shárú ar alt 971(4)/1180(4), nó nuair a theipeann air/uirthi cloí le treoir ón gCláráitheoir faoi alt 971(5)/1180(5).

D'fhéadfadh ráta cánach laghdaithe a bheith curtha chun feidhme i gcás cuideachta a chuirtear bac uirthi, de réir a bunreachta, ó bhrabúis a dháileadh ar a comhaltaí. Is iad na Coimisinéirí Ioncaim a dhéanann an cinneadh seo, agus is féidir teagmháil a dhéanamh leo ag Rannóg na gCarthanas,

Coimisinéirí Ioncaim, Oifigí an Rialtais, An tAonach, Co. Thiobraid Árann (teil 067 63377). Tabhair faoi deara le do thoil agus é beartaithe ag cuideachta, a theastaíonn uaithi díolúine alt 971/1180 a fháil, stádas carthanach a lorg ó na Coimisinéirí Ioncaim, gur gá don chuideachta seo díriú go príomha ar an gcarthanacht. Ní mór alt sonracha a chur isteach freisin sa mheabhrán comhlachais. (Féach Aguisín 1, alt 8, don fhoclaíocht malartach.)

## 2.1 Nós imeachta díolúine

### CUIDEACHTA NUA

Ba chóir d'iarrthóirí na doiciméid seo a leanas a chur isteach le chéile chuig an CRO i leith cuideachta a chuireann iarratas isteach ar ionchorprú:

- Foirm G5 (dearbhu comhlíonta)
- Foirm A1 (iarratas ar ionchorprú)
- Banna (mura mbíonn stiúrthóir ag an gcuideachta a chónaíonn in LEE)
- Aspheanta soiléir den mheabhrán agus de na hairteagail chomhlachais a chuimsíonn sínithe bunaidh de chomhaltaí na cuideachta atá molta.

### CUIDEACHTA ATÁ ANN CHEANA FÉIN

Ba chóir d'iarrthóirí na doiciméid seo a leanas a chur isteach le chéile chuig an CRO i gcás cuideachta atá ann cheana féin, i.e. cuideachta a chláraigh meabhrán agus airteagail chomhlachais leis an CRO a bhfuil deimhniú ionchorpraithe faighte aici cheana:

- Foirm G5 (dearbhu comhlíonta)
- Cóip soiléir den mheabhrán agus de na hairteagail chomhlachais leasaithe
- Tá a hainm á athrú ag an gcuideachta tríd na focail “Company Limited by Guarantee/Cuideachta faoi theorainn Ráthaíochta” nó “Designated Activity Company/Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe” a scriosadh as.

Dá bhrí sin, ba chóir di Foirm G1 a chomhdú maidir leis an meabhrán agus na hairteagail chomhlachais a leasú agus ba chóir di Foirm G1Q a chomhdú maidir leis an t-ainm a athrú. Is féidir na foirmeacha, agus na táillí a ghabhann leo, a íoslódáil ó [www.cro.ie](http://www.cro.ie).

**Ní hé Cláraitheoir na gCuideachtaí atá freagrach as a chinntiú go leagtar an meabhrán agus na hairteagail chomhlachais amach i mbealach a chuireann spriocanna na gcomhaltaí/na gcomhaltaí atá molta in iúl.**

## 2.2. Tuilleadh faisnéise

Is féidir fiosrúcháin maidir leis an nós imeachta díolúine alt 971/1180 agus fiosrúcháin maidir le hionchorprú cuideachta nó athrú ainm a chlárú a threorú chuig: Eileen Geoghegan - 01 804 5388.

## AGUISÍN 1

### Ailt chaighdeánacha meabhráin chomhlachais a bhíonn ag teastáil d'fhonn díolúine a fháil de bhun ailt 971/1180 d'Acht na gCuideachtaí 2014

[3] Seo iad cuspóirí na cuideachta:

(A)...

(B)...

[cuir sonraí isteach maidir le cuspóirí na cuideachta, cuspóirí ar gá dóibh tráchtáil, ealaíon, eolaíocht, oideachas, reiligiún agus/nó carthanacht a chur chun cinn]

[4] Cuirfear ioncam agus réadmhaoin na cuideachta chun feidhme, cibé áit as a dtagann siad, le príomhchuspóirí na cuideachta a chur chun cinn a shonraítear iad sa mheabhrán comhlachais seo agus ní dhéanfar cuid den ioncam nó réadmhaoin a íoc le nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, mar dhíbhinn, bónas nó modh ar bith eile i ngeall ar bhrabús, chuig comhaltaí na cuideachta.

Ní chuirfidh rud ar bith ina dhiaidh seo cosc ar íocaíocht a dhéanamh de mheon macánta:

- a thugann luach saothair atá réasúnta agus ceart do chomhalta, oifigeach nó seirbhíseach ar bith de chuid na cuideachta i gcomaoin seirbhísí a cuireadh ar fáil di, nó
- ús ag ráta nach mó ná [ ] % in aghaidh na bliana ar an t-airgead a thugann comhalta ar bith ar iasacht don chuideachta, nó
- cíos atá réasúnta agus ceart le haghaidh áitreabh á fhorléasadh nó á ligean ar cíos don chuideachta ag comhalta ar bith.

[5] Ní dhéanfar forálacha alt [4 agus 8] den mheabhrán comhlachais a leasú agus ní dhéanfar an meabhrán agus na hairteagail chomhlachais a leasú sa mhéid go n-athródh siad an toradh a bhaineann le hAilt [4 agus 8] den mheabhrán comhlachais, i mbealach nach gcloífí le ceanglais ailt 971/1180 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

[6] Cuirtear teorainn le dlíteanas na gcomhaltaí.

[7] **(Ag teastáil agus cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal aici.)**

Glacann gach comhalta mar chúram air/uirthi féin cur le sócmhainní na cuideachta, i gcás go ndéantar an chuideachta a fhoirceannadh agus é/í ina c(h)omhalta nó tráth nach déanaí ná bliain amháin ón am a scaireanna sé/sí lena bheith ina c(h)omhalta, le hÍoc as na fiacha nó na dlíteanais a thabhaigh an chuideachta roimh an am seo, chomh maith leis na costais, muirir agus speansais a bhaineann leis an gcuideachta a fhoirceannadh, agus le cearta na ranníocóirí a choigeartú, is é sin an méid airgid a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil, méid airgid níos lú ná **[cuir an méid ráthaíochta isteach in aghaidh gach comhalta]**.

[8] Agus réadmhaoin ar bith fágtha tar éis do chuideachta a fhoirceannadh nó a dhíscáileadh agus a fiachais nó a dlíteanais a shásamh, ní dhéanfar an réadmhaoin seo a íoc le comhaltaí na cuideachta nó a dháileadh orthu ach tabharfar í nó aistrefar í chuig cuideachta eile, cuideachta le cuspóirí a chloíonn le mír (a), alt 971(1)/1180(1) d'Acht na gCuideachtaí 2014 agus cuideachta a chomhlíonann na ceanglais i mír (b), alt 971(1)/1180(1) d'Acht na gCuideachtaí 2014. Comhaltaí na cuideachta seo a dhéanfaidh an chuideachta a shocrú sula ndíscáoiltear í, agus mura bhféidir agus sa mhéid nach féidir éifeacht a thabhairt d'fhoráil den saghas seo, tabharfar éifeacht do chuspóir áirithe carthanach.

**Is féidir foclaíocht malartach a úsáid le haghaidh [8] agus é beartaithe ag an gcuideachta iarratas a chur isteach chuig na Coimisinéirí Ioncaim ar stádas carthanachta.**

Más ann d'aon mhaoín, dá laghad, i ndiaidh gach dlíteanas agus fiachas a shásamh, ní íocfar í nó ní dhéanfar í a dháileadh i measc comhaltaí na Cuideachta, ar fhoirceannadh nó ar dhíscáileadh na Cuideachta. Ina ionad sin, déanfar an mhaoín sin a thabhairt nó a aistriú chuig cuideachta nó cuideachtaí eile (gurb institiúid charthanúil nó institiúidí carthanúla) a bhfuil príomhchuspóirí acu atá macasamhail phríomhchuspóirí na Cuideachta. Cuirfidh an cuideachta nó cuideachtaí (gurb institiúid charthanúil nó institiúidí

carthanúla) a bhfuil an mhaoin le tabhairt dóibh nó a aistriú chucu, cosc ar dháileadh a n-ioncain agus a maoin i measc a gcomhaltaí dá mhéid sin, ar a laghad, a ghearrann an Cuideachta faoi nó de bhua Chlásal \_ anseo istigh. Roghnóidh comhaltaí na Cuideachta cuideachta nó cuideachtaí eile (gurb institiúid charthanúil nó institiúidí carthanúla) ábhartha ag nó roimh thráth an díscailte. Ullmhófar agus seolfar ar aghaidh cuntais deiridh, lena n-áireofar mír a shainaithníonn agus a dhéanann luacháil ar aon sócmhainní a aistrítear mar aon leis na sonraí faoi na faighteoirí agus téarmaí an aistrithe.

## AGUISÍN 2

### Seicliosta

Próiseas díolúine níos tapa a bheidh ann má chinntíonn na tionscnóirí go ndéantar tagairt suas chun dáta do dlí na gcuideachtaí sa mheabhrán agus sna hairteagail comhlachais agus má chloíonn siad i gcoitinne leis na pointí seo a leanas:

- Tá sé riachtanach dearbhú sínithe (Foirm G5) a sholáthar atá comhlánaithe go hiomlán agus i gceart. Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe/Cuideachta faoi theorainn Ráthaíochta.
- Ba chóir don teideal a ghabhann leis an meabhrán agus leis na hairteagail a shonrú, mar is infheidhme:

Acht na gCuideachtaí 2014

CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL (sceideal 10)

CUIDEACHTA GHNÍOMHAÍOCHTA AINMNITHE FAOI THEORAINN SCAIREANNA (sceideal 7)

CUIDEACHTA GHNÍOMHAÍOCHTA AINMNITHE FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA (sceideal 8)

- Teastaíonn dea-chaighdeán priontála ón CRO i gcoitinne chun críocha scanta agus ní mór do na leathanaigh ciumhais 1 orlach a bheith acu. Ní chóir clúdaigh nó ceangal a úsáid ar dhoiciméad ar bith a chuirtear faoi bhráid na CRO.
- Ba chóir príomhchuspóirí, fo-chuspóirí agus cumhachtaí na cuideachta a aithint ar leith sa mheabhrán comhlachais
- Má bhíonn se beartaithe ag an gcuideachta stádas carthanachta a lorg ó na Coimisinéirí Ioncain, tabhair faoi deara le do thoil (a) gur gá cuspóirí carthanacha a bheith ag an gcuideachta agus (b) gur gá alt sonracha a chur isteach sa mheabhrán (féach Aguisín 1, alt malartach [8])
- Ní mór na hailt sainordaitheacha a bhíonn ag teastáil de réir alt 971/1180 d'Acht na gCuideachtaí 2014 a chur isteach sa mheabhrán comhlachais agus iad sonraithe go cruinn. D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach na hailt in Aguisín 1 sna lúbíní cearnacha a athuimhriú, ag brath ar an dtéacs eile sa mheabhrán.
- Ba chóir sonraí na suibscríobhaithe a thaispeáint ar an leathanach deireanach den mheabhrán agus de na hairteagail chomhlachais.
- Ba chóir do Chláraitheoir na gCuideachtaí a bheith i gceist agus tagairt á dhéanamh don Chláraitheoir.

**AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ**

**Oifig Poiblí:** Teach Bloom, Plás Gloucester Iochtarach, BÁC 1  
**Fiosruithe:** Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, R93 E920

**Lóghlao:** 1890 220 226

**Fón:** +353 1 804 5200

**Ríomhphost:** [info@cro.ie](mailto:info@cro.ie) **Láithreán:** [www.cro.ie](http://www.cro.ie)

**COMPANIES REGISTRATION OFFICE**

**Public Office:** Bloom House, Gloucester Place Lower, Dublin 1  
**Postal Enquiries:** O'Brien Road, Carlow, R93 E920

**Lo Call:** 1890 220 226

**Tel:** +353 1 804 5200

**Email:** [info@cro.ie](mailto:info@cro.ie) **Web:** [www.cro.ie](http://www.cro.ie)